STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Cros Ard, Mainistir Bhuithe deireadh an naoú haois

Is féidir Crosa Arda a fheiceáil ar fud na tíre agus, chomh maith leis sin, i gcodanna den Bhreatain. Is séadchomharthaí Críostaí iad na crosa seo agus faoi dheireadh bhlianta na 900-ta bhí thart ar 250 ceann díobh ann in Éirinn.

Bhí difríochtaí móra ann idir crosa ó réigiún go réigiún ach bhí roinnt saintréithe den chineál céanna acu freisin. Bhí bun den chineál céanna acu ar fad, mar aon le colún fada dronuilleogach agus ciorcal gar don bharr rud a bhí ann, dar linn anois, mar léiriú ar an gcosmas nó ar an gcruinne.

Bíonn crosa arda ann i mainistreacha agus, ar chuid díobh, is féidir ainmneacha fíordhaoine atá inscríofa ar an dromchla a dhéanamh amach. Is dócha gur dhaoine cumhachtacha áitiúla iad sin – abaí nó ríthe – agus d'fhéadfadh sé gurbh iad a d'íoc as tógáil na croise nó a chuir na hoibrithe ar fáil chun an obair a dhéanamh. A mhéid a bhain leosan, ba bhealach maith é sin chun a chinntiú go mbeadh cuimhneamh ar a n-ainmneacha.

Bhí an chuid is mó de na crosa measartha simplí ach bhí íomhánna galánta snoite ar dhromchla cuid acu. Ceann de na crosa arda is cáiliúla dá bhfuil ann sa tír is ea an ceann seo sa ghrianghraf, is é sin, i Mainistir Bhuithe, gar do Dhroichead Átha. Is é an ceann is airde é de na crosa arda ar fad dá bhfuil ann sa tír. Tá a dromchla go léir, beagnach, clúdaithe le radhairc as an mBíobla, is é sin, leabhar naofa na Críostaíochta – lena n-áirítear céasadh Chríost agus Dáiví ag marú leoin.

Ceardaithe oilte a dhéanfadh na híomhánna sin go han-chúramach agus go han-aireach agus thógfadh an obair roinnt míonna, roinnt blianta fiú. Thiocfadh daoine as áiteanna a bhí roinnt mílte ar shiúl chun an chros a fheiceáil agus chun freastal ar sheirbhísí paidreoireachta ag a bun.

Ach is é atá sa cheist is tábhachtaí dá bhfuil ann faoi na réada iontacha an-chasta seo ná cén fáth gur tógadh iad ar chor ar bith. Cén fáth an dua agus an caiteachas sin ar fad?

Ceapaimid anois gurbh é ba phríomhchuspóir dóibh ná na scéalta as an mBíobla a insint agus teachtaireacht an-soiléir a thabhairt maidir le tábhacht mhór na Críostaíochta sa saol an tráth sin.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann RIA Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy